C/2026/2836

26.5.2026

Fógra ón gCoimisiún

Treoraíocht i ndáil le cur chun feidhme na Treorach Réime maidir le hUisce le linn tionscadail nua agus gníomhaíochtaí atá ann cheana a cheadú agus béim ar leith á leagan ar earnáil na mianadóireachta

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2026/2836)

Réamhrá

I bPlean Gníomhaíochta RESourceEU ([1]) , gheall an Coimisiún *'treoirdhoiciméad a thíolacadh chun go mbeifear in ann dlí an Aontais maidir leis an gceadú comhshaoil a chur chun feidhme ar bhealach níos simplí agus níos comhchuibhithe, lena n-áirítear gnéithe a bhaineann le hearnáil na mianadóireachta'*. Is é is aidhm don treoraíocht seo cuidiú le héiginnteachtaí a laghdú maidir le nósanna imeachta agus critéir mheasúnaithe is gá chun measúnuithe comhshaoil a dhéanamh a eascraíonn as an Treoir Réime maidir le hUisce ([2]) .

Is é is aidhm don tionscnamh seo tacú le hathléimneacht fhoriomlán na hEorpa, bunaithe ar chreat rialála láidir soiléir don bheartas uisce, ar an Straitéis Eorpach maidir le hAthléimneacht i Réimse an Uisce agus ar ár gcuspóir spleáchais a laghdú ar bhreoslaí iontaise agus ar allmhairí na n-amhábhar criticiúil is gá chun dlús a chur leis an aistriú fuinnimh. Sa lá atá inniu ann, déanann cur chun feidhme neamhréireach na Treorach Réime maidir le hUisce laistigh de na Ballstáit agus eatarthu difear d'athléimneacht uisce agus do na costais agus don dóchúlacht go bhfaighfear cead, ar príomhbhreithnithe iad is bun le cinntí infheistíochta, go háirithe in earnáil na nAmhábhar Criticiúil (AÁC) ([3]), mar a shainmhínítear sa Ghníomh um Amhábhair Chriticiúla ([4]).

Chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin thuas, déantar scrúdú sa treoraíocht seo ar na forálacha sa Treoir Réime maidir le hUisce agus sa dá 'threoir ar leith' a ghabhann léi, an Treoir maidir le Screamhuisce ([5]) agus an Treoir maidir le Caighdeáin Cáilíochta Comhshaoil ([6]) arna leasú go deireanach le Treoir (AE) 2026/805 ([7]), lena rialaítear ceadú tionscadal nó gníomhaíochtaí nua.

Tá an treoirdhoiciméad seo bunaithe ar chásdlí socair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh maidir le léirmhíniú dhlí an Aontais, ar dá réir is gá machnamh a dhéanamh ní hamháin ar fhoclaíocht forála, ach ar a comhthéacs freisin agus ar na cuspóirí a shaothraítear leis an ngníomh dlí ar cuid de í ([8]) .

Ní chuirtear an treoirdhoiciméad seo in ionad fhorálacha na reachtaíochta atá i gceist, ní chuireann sé leo ná ní leasaíonn sé iad, arb iad amháin a bhunaíonn na hoibleagáidí dlíthiúla is infheidhme. Níor cheart é a mheas ina aonar; ní mór é a léamh in éineacht leis an reachtaíocht ábhartha agus ní tagairt neamhspleách é. Is í Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh amháin atá inniúil dlí an Aontais a léirmhíniú le húdarás críochnaitheach.

([1]) COM(2025) 945 final Plean Gníomhaíochta RESourceEU: Dlús a chur lenár straitéis amhábhar criticiúil chun dul in oiriúint do réaltacht nua.

([2]) Treoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2000 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais uisce (IO L 327, 22.12.2000, lch. 1).

([3]) SWD(2023) 161 final Tuarascáil ar an Measúnú Tionchair a ghabhann leis an doiciméad Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear creat chun soláthar slán inbhuanaithe amhábhar criticiúil a áirithiú agus lena leasaítear Rialacháin (AE) 168/2013, (AE) 2018/858, 2018/1724 agus (AE) 2019/1020.

([4]) Rialachán (AE) 2024/1252 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 lena mbunaítear creat chun soláthar slán inbhuanaithe amhábhar criticiúil a áirithiú agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 168/2013, (AE) 2018/858, (AE) 2018/1724 agus (AE) 2019/1020 (IO L 1252, 3.5.2024).

([5]) (5) Treoir 2006/118/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2006 maidir le screamhuisce a chosaint ar thruailliú agus ar mheath (IO L 372, 27.12.2006, lch. 19).

([6]) (6) Treoir 2008/105/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Nollaig 2008 maidir le caighdeáin cáilíochta comhshaoil i réimse an bheartais uisce (IO L 348, 24.12.2008, lch. 84).

([7]) Treoir (AE) 2026/805 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Márta 2026 lena leasaítear Treoir 2000/60/CE lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais uisce, Treoir 2006/118/CE maidir le screamhuisce a chosaint ar thruailliú agus ar mheathlú agus Treoir 2008/105/CE maidir le caighdeáin cáilíochta comhshaoil i réimse an bheartais uisce, IO L, 2026/805, 20.4.2026, lgh. 1-84. I gcás inar athraigh leasuithe a rinneadh le déanaí na forálacha atá ann cheana, ní phléitear ach na forálacha nua cé go bhfuil go dtí mí na Nollag 2027 fós ag na Ballstáit chun iad a thrasuí.

([8]) KRONE-Verlag, C-65/20, EU:C:2021:471, mír 25.

Is é is aidhm don treoraíocht seo éiginnteachtaí a laghdú maidir le heilimintí agus nósanna imeachta substaintiúla is gá chun an measúnú comhshaoil a eascraíonn as an Treoir Réime maidir le hUisce a dhéanamh. Féachtar inti freisin ar fhorálacha atá ann cheana lena gceadaítear do na Ballstáit cuspóirí comhshaoil níos ísle a leagan síos i gcás nach bhfuil aon bheart indéanta ann chun dea-stádas uisce a bhaint amach (i.e. nach bhfuil aon bheart ann chun feabhas a chur ar an staid) nó i gcás nach féidir dea-stádas a bhaint amach ach amháin trí chostais dhíréireacha a thabhú. Tá tábhacht ar leith ag baint leis sin a mhéid a bhaineann le ceadanna a athnuachan le haghaidh suiteálacha nó gníomhaíochtaí atá ann cheana. Ina theannta sin, leis na hathruithe is déanaí ar an Treoir Réime maidir le hUisce, ar an Treoir maidir le Caighdeáin Cáilíochta Comhshaoil, agus ar an Treoir maidir le Screamhuisce, tugtar isteach féidearthachtaí breise díolúine a bhfuil sé tráthúil treoraíocht bhreise a sholáthar ina leith d'fhonn a áirithiú go gcuirfear chun feidhme go comhchuibhithe iad ar fud na mBallstát.

Oibreoidh an Coimisiún i gcomhar leis na Ballstáit, go háirithe i gcomhthéacs na Comhstraitéise Cur Chun Feidhme chun an Treoir Réime maidir le hUisce a chur chun feidhme, mar shampla chun athbhreithniú a dhéanamh ar Threoirdhoiciméid na Comhstraitéise Cur Chun Feidhme a comhaontaíodh roimhe seo ([9]), agus laistigh de na hIdirphléití Struchtúrtha maidir le hUisce, chun cur chun feidhme níos éifeachtaí agus níos inchomparáide na measúnuithe a bhaineann leis an Treoir Réime maidir le hUisce a chothú i gcomhthéacs tionscadail AÁC a cheadú.

Is féidir léirmhínithe céanna an Choimisiúin a chur i bhfeidhm, *mutatis mutandis,* maidir le tionscadail nó gníomhaíochtaí eile, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le hearnálacha straitéiseacha a chuirtear chun cinn i gcomhthéacs na Treorach maidir le Fuinneamh In-athnuaite III ([10]), an Ghnímh um Shliseanna ([11]) nó an Ghnímh um an Tionscal Glan-nialasachta ([12]).

Comhlánaíonn an treoraíocht iarrachtaí leanúnacha an Choimisiúin dlús a chur le ceadú, lena n-áirítear an togra le déanaí le haghaidh Rialachán maidir le dlús a chur le measúnuithe comhshaoil ([13]) , ina moltar nósanna imeachta simplithe agus brostaithe, lena n-áirítear pointí teagmhála aonair, digitiú agus nósanna imeachta níos tapúla, agus, i gcás earnálacha straitéiseacha, forálacha maidir le leas poiblí sáraitheach, comhaontú intuigthe agus réiteach díospóidí.

Cé go leagtar amach sa Treoir Réime maidir le hUisce ceithre shainmhíniú ar 'stádais' éagsúla, i.e. stádas *éiceolaíoch* agus stádas *ceimiceach* le haghaidh uisce dromchla agus stádas *cainníochtúil* agus *ceimiceach* le haghaidh screamhuisce, dírítear sa treoraíocht ar stádas ceimiceach an uisce dromchla agus an screamhuisce araon, ós rud é gur i ndáil le tionscadail a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do stádas ceimiceach a ardaíodh an chuid is mó de na deacrachtaí.

Tá an treoraíocht bunaithe ar ocht gceist a chuireann leis na deacrachtaí a thuairiscigh páirtithe leasmhara i gcomhthéacs na n-iarratas ar cheadanna nua nó athnuachan ceadanna atá ann cheana. Is é is aidhm dóibh réitigh a thairiscint bunaithe ar an léirmhíniú ar fhorálacha éagsúla a leagtar amach sa Treoir Réime maidir le hUisce, sa Treoir maidir le Screamhuisce agus sa Treoir maidir le Caighdeáin Cáilíochta Comhshaoil. Go sonrach, mínítear sa treoraíocht na solúbthachtaí atá ann cheana do na Ballstáit agus measúnú á dhéanamh acu ar stádas ceimiceach agus ar an meathlú a d'fhéadfadh teacht air, agus cuirtear i dtábhacht inti nach mór cuspóirí na Treorach Réime maidir le hUisce a bhaint amach ar leibhéal dobharlaigh ina iomláine. I ndáil leis sin, cuireann sé i dtábhacht go n-aithnítear leis an Treoir maidir le Caighdeáin Cáilíochta Comhshaoil go bhféadfadh sé nach mbeadh gníomhaíochtaí áirithe mianadóireachta nó tionsclaíocha in ann tiúchan aon truailleán amháin nó níos mó ina n-eisilteach a laghdú faoi bhun an chaighdeáin cáilíochta comhshaoil a leagtar síos leis an reachtaíocht, rud a d'fhágfadh go sárófaí na tiúchaintí truaillithe atá ann faoi láthair i gcóngar an phointe sceite. Dá bhrí sin, déantar foráil leis an Treoir maidir le Caighdeáin Cáilíochta Comhshaoil i dtaca le 'criosanna measctha' a ainmniú ina nglactar le sárú caighdeán cáilíochta comhshaoil le haghaidh truailleán ón bpointe sceite sin, ar choinníoll go gcomhlíontar an caighdeán cáilíochta comhshaoil sa dobharlach ina iomláine. Leagtar béim sa treoraíocht freisin ar a thábhachtaí atá sé tiúchaintí an chúlra nádúrtha agus bith-infhaighteacht a mheas agus caighdeáin cháilíochta á leagan síos nó measúnú á dhéanamh ar chomhlíontacht, ionas nach leagfar síos caighdeáin cháilíochta ar leibhéal atá dian gan ghá agus chun a áirithiú go ndéanfar measúnú cuí ar chomhlíontacht.

Ina theannta sin, mínítear sa treoraíocht na ceanglais a bhaineann le ceadú faoin Treoir Réime maidir le hUisce, na solúbthachtaí atá ann cheana faoi Airteagal 4(7), agus Airteagail 4(7a) agus 4(7b) a tugadh isteach le déanaí agus is féidir leis na Ballstáit a úsáid chun tionscadail a údarú a bhféadfadh meathlú ar stádas dobharlaigh a bheith mar thoradh orthu. Mínítear sa doiciméad conas is féidir na solúbthachtaí sin a chur i bhfeidhm chun tionscadail mhianadóireachta agus próiseála miotail a éascú, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann le meathlú ceimiceach indíreach, agus é á athdhearbhú ag an am céanna nach féidir a léirmhíniú go gceadaítear leis an Treoir Réime maidir le hUisce meathlú ar stádas ceimiceach dobharlaigh mar gheall ar sceitheadh díreach truailleán.

([9]) An Treoir Réime maidir le hUisce - Leabharlann.

([10]) Treoir (AE) 2023/2413 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Deireadh Fómhair 2023 lena leasaítear Treoir (AE) 2018/2001, Rialachán (AE) 2018/1999 agus Treoir 98/70/CE a mhéid a bhaineann le fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn, agus lena n-aisghairtear Treoir (AE) 2015/652 ón gComhairle (IO L, 2023/2413, 31.10.2023).

([11]) Rialachán (AE) 2023/1781 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meán Fómhair 2023 lena mbunaítear creat beart chun éiceachóras leathsheoltóra na hEorpa a neartú agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/694 (IO L 229, 18.9.2023, lgh. 1–53).

([12]) Rialachán (AE) 2024/1735 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 maidir le creat beart a bhunú chun éiceachóras monaraíochta teicneolaíochta glan-nialasachta na hEorpa a neartú agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1724 (IO L, 2024/1735, 28.6.2024).

([13]) Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le dlús a chur le measúnuithe comhshaoil (COM/2025/984 final).

Ar deireadh, mínítear sa treoraíocht go bhféadfadh díolúintí eile a bheith infheidhme maidir le gníomhaíochtaí atá ann cheana, lena n-áirítear gníomhaíochtaí mianadóireachta, agus athbhreithniú á dhéanamh ar na ceadanna nó ar na húdaruithe. Ciallaíonn sé sin gur féidir síntí ama tar éis 2027 (má tá údar cuí leo de bharr dálaí nádúrtha) agus cuspóirí comhshaoil níos ísle a shocrú faoi choinníollacha áirithe tar éis 2027 i gcomhréir le hAirteagail 4(4) agus 4(5).

Is iad seo a leanas na hocht gceist ar a bhfuil an treoraíocht leagtha amach:

1. Conas a dhéantar an measúnú ar stádas ceimiceach i ndáil le neamh-mheathlú?

2. Conas a shainaithníonn na Ballstáit truailleáin a bhaineann go sonrach le habhantracha i dtaca le huisce dromchla agus truailleáin ar ábhar imní náisiúnta iad i dtaca le screamhuisce?

3. Conas is féidir tiúchaintí an chúlra nádúrtha agus bith-infhaighteacht a chur san áireamh agus caighdeáin cáilíochta comhshaoil á leagan síos nó measúnú á dhéanamh ar chomhlíontacht?

4. Conas is féidir le hainmniú criosanna measctha cuidiú le ceadú a éascú gan baint amach chuspóir foriomlán na Treorach a chur i mbaol?

5. Cad a cheanglaítear leis an Treoir Réime maidir le hUisce ó thaobh ceadaithe de?

6. Cad iad na solúbthachtaí dá bhforáiltear sa Treoir chun freastal ar ghníomhaíochtaí nua forbartha eacnamaíche inbhuanaithe?

7. Cad iad na díolúintí nua a tugadh isteach le déanaí agus conas is féidir leo cuidiú leis na hearnálacha mianadóireachta agus próiseála miotail?

8. Cad iad na solúbthachtaí eile atá sa Treoir Réime maidir le hUisce chun a áirithiú go bhféadfar ceadanna a athnuachan nó síneadh a chur leo le haghaidh gníomhaíochtaí agus suiteálacha atá ann cheana?

1. **Conas a dhéantar an measúnú ar stádas ceimiceach i ndáil le neamh-mheathlú?**

Forálacha dlíthiúla agus dlí-eolaíocht ábhartha na Cúirte Breithiúnais:

Airteagal 2(10) agus Airteagal 2(12); Airteagal 2(24) agus Airteagal 2(25); Airteagal 4 (1) (a) (i), Airteagal 4 (1) (b) (i); Airteagal 8(1), 8(2) agus Iarscríbhinní II agus V den Treoir Réime maidir le hUisce 2000/60/CE (an Treoir Réime maidir le hUisce); Airteagal 3(1) de Threoir 2006/118/CE maidir le Screamhuisce arna leasú le déanaí in Airteagal 3(1)(c) agus in Airteagal 3, míreanna nua (1a) agus (1b) agus Iarscríbhinní gaolmhara; Airteagal 3(1a) de Threoir 2008/105/CE maidir le Caighdeáin Cáilíochta Comhshaoil, arna leasú le déanaí in Airteagal 3 (1a) (iii) agus (iv) agus an mhír dheiridh d'Airteagal 3 (1a) agus iarscríbhinní gaolmhara chomh maith leis an sainmhíniú nua in Airteagal 2(43) den Treoir Réime maidir le hUisce ar '*mheathlú ar stádas dobharlaigh*'.

Dlí-eolaíocht ábhartha na Cúirte Breithiúnais: Breithiúnais an 1 Iúil 2015, *Weser*, C-461/13 agus an 28 Bealtaine 2020, *Land Nordrhein-Westfalen*, C-535/18.

Léirmhíniú an Choimisiúin:

Tá an **measúnú ar stádas ceimiceach uisce dromchla** chun críocha chuspóirí comhshaoil Airteagail 4 den Treoir Réime maidir le hUisce bunaithe ar chomhlíontacht na gcaighdeán cáilíochta comhshaoil uile-Aontais a leagtar síos le haghaidh substaintí a shainaithnítear ar leibhéal an Aontais agus, ón 21 Nollaig 2027 ([14]) ar aghaidh, ar chomhlíontacht na gcaighdeán náisiúnta a leagtar síos le haghaidh substaintí arna sainaithint ag na Ballstáit mar thruailleáin ar ábhar imní náisiúnta iad, nó na truailleáin a bhaineann go sonrach le habhantracha mar a thugtar orthu. Tá an **measúnú ar stádas ceimiceach screamhuisce** bunaithe ar chomhlíontacht na gcaighdeán cáilíochta a leagtar síos ar leibhéal an Aontais agus ar chomhlíontacht luachanna tairsí arna leagan síos ag na Ballstáit maidir le truailleáin ar ábhar imní náisiúnta iad. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go bhfuil feidhm ag na caighdeáin cháilíochta sin faoin Treoir Réime maidir le hUisce ar leibhéal an dobharlaigh agus go bhféadfadh sé nach mbeadh caighdeán cáilíochta comhshaoil infheidhme go huathoibríoch mar theorainnluach astaíochta ar leibhéal suiteálacha nó gníomhaíochtaí aonair.

([14]) Treoir (AE) 2026/805. I gcás inar athraigh leasuithe a rinneadh le déanaí na forálacha atá ann cheana, pléitear na forálacha nua cé go bhfuil go dtí mí na Nollag 2027 fós ag na Ballstáit chun iad a thrasuí.

Agus tagairt á déanamh do **chaighdeáin cháilíochta chomhchuibhithe an Aontais agus do spriocdhátaí comhlíontachta le haghaidh truailleáin uile-Aontais in uisce dromchla agus screamhuisce araon** ([15]), ba cheart a chur san áireamh, i gcás truailleáin ar fud an Aontais a tugadh isteach tar éis ghlacadh na Treorach maidir le Caighdeáin Cáilíochta Comhshaoil agus na Treorach maidir le Screamhuisce den chéad uair, go bhféadfadh feidhm a bheith ag spriocdhátaí comhlíontachta níos faide agus ag díolúintí a bhaineann le ham. Tá achoimre ar na spriocdhátaí sin le fáil in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an treoraíocht seo.

Chun measúnú a dhéanamh ar stádas dobharlaigh, braitheann na Ballstáit ar thorthaí faireacháin. Chun measúnú a dhéanamh ar mheathlú stádais a d'fhéadfadh a bheith ann mar thoradh ar thionscadal, braitheann na Ballstáit ar shamhaltú nó ar bhreithiúnas saineolach maidir leis an stádas a bhfuil coinne leis tar éis an tionscadail. Leis an Treoir Réime maidir le hUisce, tugtar lánrogha réasúnta leathan do na Ballstáit maidir le **faireachán a dhéanamh ar uiscí dromchla agus ar screamhuiscí**, e.g. a mhéid a bhaineann le grúpáil fhéideartha dobharlach, líon agus suíomh na bpointí faireacháin, eilimintí cáilíochta a bhfuil faireachán le déanamh orthu agus minicíochtaí faireacháin molta. Fágann sé sin gur féidir oiriúnú d'imthosca áitiúla.

Déantar an **measúnú comhlíontachta maidir le dea-stádas ceimiceach** ar leibhéal an dobharlaigh ina iomláine, trí thorthaí na bpointí faireacháin ionadaíocha atá suite ann agus a roghnaíodh a mheas chun méid agus tionchar an bhrú ina iomláine a léiriú ([16]) .

Faoin Treoir Réime maidir le hUisce, tá na Ballstáit freagrach as ainmniú dobharlach a bhunú bunaithe ar shaintréithe gach Ceantair Abhantraí. Déantar é sin i gcomhréir le sainmhínithe na Treorach Réime maidir le hUisce a áirítear in Airteagal 2 den Treoir Réime maidir le hUisce ([17]) agus leis na rialacha ginearálta a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Treoir Réime maidir le hUisce. Is é an príomhchuspóir a bhaineann le 'dobharlaigh' a shainaithint gur féidir tuairisc chruinn a thabhairt ar an stádas agus é a chur i gcomparáid le cuspóirí comhshaoil. Leis an Treoir Réime maidir le hUisce, ceadaítear dhá chóras chun dobharlaigh uisce dromchla a ainmniú (córais A agus B), ceann amháin bunaithe den chuid is mó ar mhéid agus ceann eile bunaithe ar chritéir níos solúbtha a bhfuil éifeacht choibhéiseach acu ([18]) . I gcás screamhuisce, i bhfianaise a saintréithe, ceadaítear leis an Treoir Réime maidir le hUisce níos mó solúbthachta chun iad a ainmniú. Tá treoraíocht bhreise ar fáil maidir le dobharlaigh a shainaithint ([19]). Ba cheart a thabhairt faoi deara gur féidir le méid an dobharlaigh, a chinneann na Ballstáit i gcomhréir leis na rialacha thuasluaite, tionchar a imirt ar an measúnú sin.

Tá feidhm ag cuspóirí na Treorach Réime maidir le hUisce, lena n-áirítear prionsabal an neamh-mheathlaithe a leagtar amach faoi Airteagal 4(1), maidir le dobharlaigh, seachas maidir le suiteálacha aonair iontu féin. Mar sin féin, is léir ón gcásdlí, maidir leis an oibleagáid atá ar na Ballstáit a áirithiú nach dtiocfaidh meathlú ar stádas na ndobharlach, go gcumhdaítear tionscadail aonair a fhéadfar a údarú i gcás ina gceanglaítear amhlaidh de bhun an chórais maoluithe dá bhforáiltear in Airteagal 4 ([20]) . An tráth céanna, glacann an Treoir Réime maidir le hUisce cur chuige comhtháite maidir le rialuithe ar thruailliú. Agus measúnú á dhéanamh ar thionchar tionscadal nua nó gníomhaíochtaí nua ar stádas ceimiceach dobharlaigh ar leith, ba cheart do na Ballstáit breithniú a dhéanamh ar na **foinsí truaillithe uile atá ann cheana** a dhéanann difear do na dobharlaigh chéanna agus ar an bhféidearthacht atá ann truailliú na bhfoinsí sin a laghdú.

Is éard atá i gceist leis sin gur féidir leis na Ballstáit údarú tionscadail nua a éascú a mbeadh sceitheadh nua i gceist leis trí sceitheadh ceadaithe na suiteálacha atá ann cheana a laghdú trína cheangal, mar shampla, go n-úsáidfear na teicneolaíochtaí laghdaithe is fearr atá ar fáil. Ní féidir é sin a dhéanamh ach amháin má tá forbhreathnú soiléir ag na húdaráis ábhartha ar na gníomhaíochtaí uile a bhfuil tionchar acu ar an dobharlach, agus ar an bhféidearthacht ceadanna gaolmhara a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta chun a n-ualach truailleán a laghdú agus chun ligean do ghníomhaíocht nua teacht isteach agus na truailleáin chéanna a sceitheadh sa dobharlach céanna, gan meathlú ar stádas ceimiceach a bheith mar thoradh air sin. Chuige sin, beidh gá le dea-chomhar agus comhordú idir údaráis éagsúla a dhéanann maoirseacht ar cháilíocht an uisce agus iad siúd atá i gceannas ar cheadú. Ceanglaítear an comhordú sin faoi Airteagal 5 den Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha ([21]) agus léirítear é in Airteagal 10 den Treoir Réime maidir le hUisce. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara, i bhformhór na gcásanna, a bhuí le dul chun cinn teicneolaíoch leanúnach

([15]) Ba cheart a thabhairt faoi deara go n-úsáidtear téarmaí éagsúla leis an Treoir maidir le Caighdeáin Cáilíochta Comhshaoil agus leis an Treoir maidir le Screamhuisce le haghaidh na gcaighdeán cáilíochta faoi seach, 'caighdeáin cáilíochta comhshaoil' le haghaidh uiscí dromchla agus 'caighdeáin cháilíochta' le haghaidh screamhuiscí faoi seach.

([16]) Leanann sé sin ón sainmhíniú ar 'dea-stádas ceimiceach' in Airteagal 2(24) agus (25) den Treoir Réime maidir le hUisce chomh maith leis na forálacha faireacháin a leagtar amach in Iarscríbhinn V, ranna 1.3 agus 2.4 den Treoir Réime maidir le hUisce. I dTreoirdhoiciméid na Comhstraitéise Cur Chun Feidhme Uimh. 7 – Faireachán faoin Treoir Réime maidir le hUisce, Uimh. 15 – Faireachán Screamhuisce, Uimh. 19 – 'Faireachán ceimiceán Uisce Dromchla' agus Uimh. 40 – 'Minicíocht an fhaireacháin cheimicigh in uiscí dromchla' – atá le fáil ar circabc, moltar cur chuige modheolaíochta foriomlán maidir le faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na Treorach maidir le hUisce.

([17]) Sainmhínítear dobharlaigh uisce dromchla agus screamhuisce faoi seach in Airteagal 2(10) den Treoir Réime maidir le hUisce (ciallaíonn 'dobharlach uisce dromchla' 'eilimint mhór scoite d'uisce dromchla amhail loch, taiscumar, sruthán, abhainn nó canáil, cuid de shruth, abhainn nó canáil, uisce trasdultach nó stráice d'uisce cósta'), agus Airteagal 2(12) (ciallaíonn 'dobharlach screamhuisce toirt shainiúil screamhuisce laistigh d'uiscíoch nó d'uiscígh').

([18]) ([18]) Iarscríbhinn II, roinn 1.2 den Treoir Réime maidir le hUisce.

([19]) I dTreoirdhoiciméad na Comhstraitéise Cur Chun Feidhme Uimh. 2 – Dobharlach a Shainaithint – atá le fáil ar circabc, tugtar moltaí praiticiúla sonracha maidir le dobharlaigh a shainaithint faoin Treoir Réime maidir le hUisce.

([20]) C-461/13 pointe 48.

([21]) Treoir 2010/75/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 maidir le hastaíochtaí tionsclaíocha agus tógála beostoic (cosc agus rialú comhtháite ar thruailliú), IO L 334, 17.12.2010, lch. 17.

a dtacaíonn an Lárionad Nuálaíochta nuabhunaithe um Chlaochlú agus Astaíochtaí Tionsclaíocha (INCITE) ([22]) leis freisin agus leis na táirgí nuálacha a thugann gníomhaithe atá bunaithe san Aontas chuig an margadh freisin, go gcuirtear teicneolaíochtaí laghdaithe truaillithe nua ar fáil ar an margadh níos mó agus níos mó agus gur féidir iad a chur i bhfeidhm chun suiteálacha atá ann cheana a uasghrádú. Dá réir sin, is féidir le laghdú astaíochtaí ó shuiteálacha den sórt sin rannchuidiú le cuspóirí na Treorach Réime maidir le hUisce a bhaint amach, agus lamháil á chruthú an tráth céanna chun sceitheadh a d'fhéadfadh a bheith ann ó ghníomhaíochtaí nua a chur leis gan meathlú foriomlán ar an stádas.

Samplaí:

— Ní mór do ghníomhaíocht nua mhianadóireachta nó próiseála miotail cead comhshaoil a fháil ionas go mbeidh sé in ann fuíolluisce ina bhfuil PFASanna a sceitheadh isteach in abhainn in aice láimhe. Mar sin féin, tá tionchar ag gníomhaíochtaí tionsclaíocha eile a sceitheann méideanna áirithe PFASanna agus atá freagrach as drochstádas cheana féin ar an abhainn. Chun meathlú ar an stádas mar thoradh ar an ngníomhaíocht nua a sheachaint, d'fhéadfadh an t-údarás inniúil cinneadh a dhéanamh athbhreithniú a dhéanamh ar na ceadanna le haghaidh na ngníomhaíochtaí atá ann cheana. D'fhéadfadh sé gur deonaíodh iad sin i bhfad ó shin, tráth nach raibh aon teicníc iomchuí laghdaithe truaillithe ar fáil chun a sceitheadh PFAS a laghdú agus idir an dá linn, d'fhéadfadh sé go bhfuil teicnící laghdaithe nua ar fáil agus, dá bhrí sin, d'fhéadfaí iad a chomhtháthú sna ceadanna ábhartha. Leis an laghdú ar astaíochtaí PFASanna ó ghníomhaíochtaí atá ann cheana, d'fhéadfaí dul ar aghaidh leis an ngníomhaíocht nua gan meathlú ar an dobharlach a bheith mar thoradh air sin ná comhlíontacht chaighdeáin cáilíochta comhshaoil PFASanna amach anseo a chur i mbaol.

— Chun suiteáil nua a údarú chun cóbalt a sceitheadh isteach i ndobharlach ar leith, d'fhéadfadh údarás inniúil ceadanna suiteálacha eile a sceitheann cóbalt isteach sa dobharlach céanna a leasú, trína cheangal orthu feabhas a chur ar a gcóireáil fuíolluisce ionas nach dtiocfaidh meathlú ar an stádas ceimiceach mar thoradh ar an sceitheadh iomlán, lena n-áirítear an sceitheadh a eascraíonn as an tsuiteáil nua.

— I gcás na gcaighdeán cáilíochta comhshaoil bunaidh maidir le nicil (a socraíodh in 2008), is féidir comhlíontacht a chur siar trí shíntí ama go dtí deireadh 2027. Ní mór na caighdeáin cáilíochta comhshaoil nuashonraithe (agus níos déine) maidir le nicil sa Treoir maidir le Caighdeáin Cáilíochta Comhshaoil a tugadh isteach leis an athbhreithniú is déanaí in 2026 a chomhlíonadh faoin 22 Nollaig 2033, agus síneadh ama féideartha go dtí an 22 Nollaig 2039 (nó ina dhiaidh sin, má tá údar cuí leis de bharr 'dálaí nádúrtha').

2. **Conas a shainaithníonn na Ballstáit truailleáin a bhaineann go sonrach le habhantracha i dtaca le huisce dromchla agus truailleáin ar ábhar imní náisiúnta iad i dtaca le screamhuisce?**

Forálacha dlí:

Airteagal 2(30b) den Treoir Réime maidir le hUisce a leasaíodh le déanaí agus Airteagal 3(1b) agus Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Treoir maidir le Screamhuisce a leasaíodh le déanaí, agus Iarscríbhinn II nua a ghabhann leis an Treoir maidir le Caighdeáin Cáilíochta Comhshaoil a leasaíodh le déanaí.

Léirmhíniú an Choimisiúin:

I gcás *uiscí dromchla*, de réir an tsainmhínithe nua ar thruailleáin a bhaineann go sonrach le habhantracha ([23]) tá trí ghné le cur san áireamh agus cinneadh á dhéanamh ar cheart truailleán áirithe a ainmniú mar thruailleán a bhaineann go sonrach le habhantracha agus caighdeán cáilíochta comhshaoil (náisiúnta) á shocrú. Ar an gcéad dul síos, an eilimint spásúil, i.e. sainaithnítear an truailleán mar sceitheadh i gcainníocht nach beag ar leibhéal abhantraí nó fo-abhantraí, – agus ní gá go mbeadh sé ar leibhéal dobharlaigh aonair. Ar an dara dul síos, an eilimint a bhaineann le 'cainníocht', i.e. ba cheart 'cainníochtaí nach beag' a bheith i gceist leis an sceitheadh truailleáin. Ar an tríú dul síos, an 'eilimint riosca' iarbhír, i.e. ní mór 'riosca mór' a bheith ann don timpeallacht uisceach nó tríd an timpeallacht uisceach laistigh de chríoch an Bhallstáit mar thoradh ar sceitheadh den sórt sin. Tugtar le tuiscint leis sin, bunaithe ar a measúnú ar bhrúnna agus ar thionchair a dhéantar i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an Treoir Réime maidir le hUisce, nach gá do na Ballstáit truailleán áirithe a ainmniú mar thruailleán a bhaineann go sonrach le habhantracha mura sceitear an truailleán sin ar fud na habhantraí ach i gcainníochtaí beaga nach mbaineann riosca leo, fiú má sceitear é trí ghníomhaíocht nua.

Maidir le *screamhuiscí* freisin, is ar leibhéal na n-abhantrach a cheanglaítear ar na Ballstáit a roghnú cé na dobharlaigh ar gá faireachán a dhéanamh orthu le haghaidh na bparaiméadar truaillithe náisiúnta breise sin lena léirítear tionchar na mbrúnna áitiúla a fhágann go bhfuil siad i mbaol gan dea-stádas ceimiceach a bheith acu, agus na huasluachanna tairsí incheadaithe a shocrú dá réir sin le haghaidh na *dtruailleán sin ar ábhar imní náisiúnta iad*.

([22]) Féach anseo: Lárionad Nuálaíochta um Chlaochlú agus Astaíochtaí Tionsclaíocha | INCITE.

([23]) Féach an sainmhíniú nua ar thruailleán a bhaineann go sonrach le habhantracha in Airteagal 2(30b) den Treoir Réime maidir le hUisce. Chun tacú leis an gcur chun feidhme trí shamplaí agus dea-chleachtais, tá treoraíocht theicniúil neamhcheangailteach ann maidir le díorthú caighdeáin cáilíochta comhshaoil An Treoir Réime maidir le hUisce - Leabharlann.

I gcás truailleáin a bhaineann go sonrach le habhantracha (uiscí dromchla) agus truailleáin ar ábhar imní náisiúnta iad (screamhuiscí) araon, tá feidhm ag spriocdhátaí comhlíontachta éagsúla ag brath ar an bpointe ama inar sainaithníodh na truailleáin ábhartha. Dá bhrí sin, tá lamháil solúbthachta ag na Ballstáit maidir leis an gcomhlíontacht a stiúradh thar na hamlínte iomchuí (féach sampla).

Samplaí:

— Ní gá do na Ballstáit cóbalt a ainmniú mar thruailleán a bhaineann go sonrach le habhantracha mura sceitear an truailleán sin ar fud na habhantraí ach i gcainníochtaí beaga nach mbaineann riosca leo fiú má sceitear é trí ghníomhaíocht nua.

Má shainaithin Ballstát arsanaic mar thruailleán arb ábhar imní náisiúnta é ina screamhuisce in 2022, agus má tá luach tairsí socraithe aige dá réir sin, ní gá an luach tairsí sin a chomhlíonadh ach amháin faoi 2033, i.e. faoi dheireadh thréimhse an Phlean Bainistithe Abhantraí ([24]) a leanann an tréimhse inar socraíodh an luach tairsí náisiúnta. Ina theannta sin, tá an deis ag na Ballstáit díolúine a bhaineann le ham a chur i bhfeidhm i gcás nach féidir an luach tairsí a chomhlíonadh faoin dáta comhlíontachta in 2033, agus féadfaidh siad comhlíonadh a chur siar tréimhse bhreise amháin den Phlean Bainistithe Abhantraí, i.e. go dtí 2039 (féach Airteagal 3 mír nua 1b den Treoir maidir le Screamhuisce). Leis na dátaí comhlíontachta sin agus na díolúintí a d'fhéadfadh a bheith ann a bhaineann le ham, tugtar lamháil leordhóthanach d'údaráis inniúla agus d'oibreoirí na mBallstát chun bearta iomchuí a shainaithint agus a chur chun feidhme chun a áirithiú, ar deireadh, go gcomhlíonfar luachanna tairsí a shocraítear le linn an timthrialla/na dtimthriallta atá ann faoi láthair (agus a bheidh ann amach anseo).

3. **Conas is féidir tiúchaintí an chúlra nádúrtha agus bith-infhaighteacht a chur san áireamh agus caighdeáin cáilíochta comhshaoil á leagan síos nó measúnú á dhéanamh ar chomhlíontacht?**

Forálacha dlí:

Iarscríbhinn 1, Cuid A, fonóta 12 agus Iarscríbhinn I, Cuid B, pointe 3 den Treoir maidir le Caighdeáin Cáilíochta Comhshaoil; Airteagal 2(5) agus Iarscríbhinn II, Codanna A agus C den Treoir maidir le Screamhuisce.

Léirmhíniú an Choimisiúin:

I gcás **substaintí arb ann dóibh go nádúrtha** ([25]) amhail miotail, ba cheart tiúchaintí an chúlra nádúrtha agus bith-infhaighteacht ([26]) a mheas ionas nach leagfar síos caighdeáin cháilíochta ar leibhéal atá níos déine ná mar is gá nó chun measúnú cuí a dhéanamh ar chomhlíontacht. Leis an reachtaíocht, ceadaítear do na Ballstáit é sin a dhéanamh, i gcás uiscí dromchla agus screamhuiscí araon.

I gcás **uiscí dromchla, cuirtear bith-infhaighteacht san áireamh** agus caighdeáin cáilíochta comhshaoil á socrú ar leibhéal an Aontais. Moltar do na Ballstáit an rud céanna a dhéanamh agus caighdeáin cáilíochta comhshaoil náisiúnta á leagan síos acu, i gcás inarb ábhartha ([27]). Ba cheart **leibhéil cúlra nádúrtha** a chur san áireamh agus measúnú á dhéanamh ar chomhlíontacht na gcaighdeán cáilíochta comhshaoil ar bhonn tiúchaintí a ndéantar faireachán orthu. Is féidir tiúchaintí an chúlra nádúrtha a dhealú ó thiúchaintí tomhaiste sula ndéantar comparáid leis na caighdeáin cáilíochta comhshaoil le haghaidh uiscí dromchla.

I gcás **screamhuisce**, **cuirfear leibhéil cúlra nádúrtha san áireamh agus luachanna tairsí á mbunú**.

I gcás **tionscadail nua**, ba cheart do na Ballstáit, dá bhrí sin, **tiúchaintí an chúlra nádúrtha a chinneadh** do na dobharlaigh a ndéantar difear dóibh sula gcuirfear tús leis an tionscadal toisc gur cinnte go bhfuil siad éagsúil ó áit go háit. Ba cheart é sin a chur san áireamh go cuí i gcomhthéacs aon phróisis údaraithe nó ceadaithe.

([24]) Tagraíonn 'An Plean Bainistithe Abhantraí' don Phlean/do na Pleananna Bainistithe Abhantraí, nach mór do na Ballstáit a bhunú gach 6 bliana, ina leagtar amach cláir beart chun cuspóirí na Treorach Réime maidir le hUisce a chomhlíonadh.

([25]) Is féidir substaintí arb ann dóibh go nádúrtha amhail miotail a bhrath in éagmais aon fhoinse truaillithe. Toisc go bhfuil sé i láthair go nádúrtha, d'fhéadfadh sé gur oiriúnaigh roinnt mhaith orgánach uisceach do thiúchaintí ardaithe na substaintí sin agus dá bhrí sin d'fhéadfadh tionchar na substaintí sin ar an orgánach uisceach a bheith níos ísle.

([26]) Is féidir le ceimic uisce tionchar nach beag a imirt ar bhith-infhaighteacht, agus dá bhrí sin ar thocsaineacht (e.g. cruas, pH, carbón orgánach tuaslagtha agus paraiméadair cáilíochta uisce eile a dhéanann difear don bhith-infhaighteacht).

([27]) Chun tacú leis an gcur chun feidhme trí shamplaí agus dea-chleachtais, bunaíodh treoraíocht theicniúil neamhcheangailteach maidir le bith-infhaighteacht miotail agus tiúchaintí an chúlra nádúrtha a chur san áireamh agus measúnú á dhéanamh ar chomhlíontacht (Treoraíocht maidir leis an gComhstraitéis Cur Chun Feidhme Uimh. 38 - Treoraíocht theicniúil maidir le caighdeáin cáilíochta comhshaoil le haghaidh miotal - le fáil ar circabc).

Samplaí:

— I gcás uiscí dromchla, má tá nicil le fáil i bhfo-ithir, d'fhéadfadh gur saintréith de dhobharlaigh áitiúla iad leibhéil cúlra nádúrtha réasúnta ard an mhiotail sin. D'fhéadfadh sceitheadh fuíolluisce mianadóireachta ina bhfuil nicil isteach i ndobharlaigh uisce dromchla a bheith i gceist le mianadóireacht nicile sa limistéar sin. Is féidir leis na Ballstáit na leibhéil cúlra nádúrtha atá ann cheana sna dobharlaigh sin a chur san áireamh agus measúnú á dhéanamh acu ar chomhlíontacht na gcaighdeán cáilíochta comhshaoil (AE) maidir le nicil. Ciallaíonn sé sin gur féidir leis na Ballstáit an leibhéal cúlra nádúrtha a 'lascainiú' sula gcinnfidh sé maidir le cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann na tiúchaintí an caighdeán cáilíochta is infheidhme.

— Maidir le screamhuiscí, i gcás ina bhfuil leibhéil cúlra nádúrtha nicile ard i ndobharlach screamhuisce a ndéanann gníomhaíocht mhianadóireachta nicile difear dó, ba cheart iad sin a chur san áireamh agus an luach tairsí á shocrú chun dea-stádas ceimiceach screamhuisce a chinneadh.

4. **Trí chriosanna measctha a úsáid, conas is féidir cuidiú le ceadú a éascú gan baint amach chuspóir foriomlán na Treorach a chur i mbaol?**

Forálacha dlí:

Airteagal 2(10) agus Airteagal 10 den Treoir Réime maidir le hUisce agus Airteagal 4 den Treoir maidir le Caighdeáin Cáilíochta Comhshaoil.

Léirmhíniú an Choimisiúin:

Is ag an bhfoinse an bealach is simplí agus is costéifeachtaí chun deireadh a chur le truailliú uisce, nuair is féidir. De ghnáth, ceaptar córais rialaithe sceite eisiltigh chun a áirithiú nach sáraíonn tiúchaintí substaintí truaillitheacha sa dobharlach glactha na caighdeáin cháilíochta is infheidhme. Cuirtear san áireamh, áfach, go dtarlaíonn caolú gar don phointe sceite. Is amhlaidh atá toisc go bhféadfadh sé nach mbeadh gníomhaíochtaí tionsclaíocha áirithe in ann tiúchan truailleáin amháin nó níos mó ina n-eisilteach a laghdú faoi bhun na gcaighdeán cáilíochta comhshaoil, rud a d'fhágfadh go sárófaí na tiúchaintí truaillithe atá ann faoi láthair i gcóngar an phointe sceite.

Leis an reachtaíocht, go háirithe faoi Airteagal 4 den Treoir maidir le Caighdeáin Cáilíochta Comhshaoil, ceadaítear do na Ballstáit 'criosanna measctha' comhréireacha a ainmniú atá cóngarach do phointí sceite, ina nglactar le sárú caighdeán cáilíochta comhshaoil le haghaidh truailleán ón bpointe sceite sin, ar choinníoll go ndeimhnítear leis na torthaí foriomlána ó phointí faireacháin eile sa dobharlach (lasmuigh den chrios measctha) nach ndéanann siad difear do chomhlíontacht na coda eile den dobharlach uisce dromchla, agus go gcomhlíontar roinnt critéar gaolmhar. Dá bhrí sin, is uirlis chumhachtach iad criosanna measctha chun aghaidh a thabhairt ar fhoinsí truaillithe nua. Mar a mhínítear sa treoraíocht ghaolmhar ón gCoimisiún ([28]), ba réamhchoinníoll a bheadh ann chun criosanna measctha a chur i bhfeidhm a áirithiú go ndéanfaí gach beart maolaithe is féidir agus nach mbeadh costas díréireach ag baint leo chun meathlú ar stádas ceimiceach a sheachaint. Thabharfadh sé sin le tuiscint, ar a laghad, go gcomhlíonann oibreoirí na teicnící is fearr atá ar fáil is infheidhme faoin Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha agus, i gcás inar féidir, go gcuireann siad rialuithe astaíochtaí níos déine fós i bhfeidhm chun an caighdeán cáilíochta comhshaoil a chomhlíonadh. Is ann sna Ballstáit, i gcás go leor earnálacha, cur i bhfeidhm seanbhunaithe na dlúthgaolmhaireachta idir sceitheadh ó shuiteálacha na Treorach maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha agus comhlíontacht (neamh-chomhlíontacht) na gcaighdeán cáilíochta comhshaoil agus conas a réitítear é sin sa phróiseas ceadaithe. Ní mór aird chuí a thabhairt ar na héifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann ar limistéir faoi chosaint nó ar limistéir íogaire (e.g. limistéir uisce óil).

Cé nach bhforáiltear dó sin go sainráite sa reachtaíocht ach amháin i gcás substaintí tosaíochta lena mbaineann caighdeán cáilíochta a shocraítear ar leibhéal an Aontais, ba cheart do na Ballstáit an prionsabal céanna agus na critéir ghaolmhara chéanna a chur i bhfeidhm, de réir analaí, maidir le sceitheadh truailleán a bhaineann go sonrach le habhantracha ag poncfhoinse. Níl na Ballstáit uile ag baint úsáid as an tsolúbthacht sin, i.e. an fhéidearthacht criosanna measctha a chruthú toisc nach bhfuil ann ach rogha ('féadfaidh') sa Treoir. D'fhéadfadh sé sin bac a chur ar cheadú gníomhaíochtaí nua, mar atá i gcás ina bhfuil pointe faireacháin in aice leis an tsuiteáil atá beartaithe lena ngabhfaí sáruithe mar thoradh ar sceitheadh nua.

Sampla:

— I gcás, mar thoradh ar ghníomhaíocht mhianadóireachta nua, ina bhféadfadh sceitheadh fuíolluisce mianadóireachta isteach i ndobharlach uisce dromchla in aice láimhe a bheith ina chúis le sárú na gcaighdeán cáilíochta comhshaoil i dtaca le truailleán amháin nó níos mó i gcóngar an phointe sceite, moltar don údarás inniúil ainmniú crios measctha a bhunú, i gcás nach gcuirtear sáruithe ar na caighdeáin cáilíochta comhshaoil maidir leis na substaintí sin san áireamh sa mheasúnú stádais nó i gcás nach ndéantar aon fhaireachán, faoi réir a áirithiú nach dtiocfaidh meathlú ar stádas an dobharlaigh ina iomláine.

([28]) Chun tacú leis an gcur chun feidhme, d'fhoilsigh an Coimisiún Treoirlínte Teicniúla 'Criosanna measctha a shainaithint de bhun Airteagal 4(4) de Threoir 2008/105/CE' (C(2010) 9369).

5. **Cad a cheanglaítear leis an Treoir Réime maidir le hUisce ó thaobh ceadaithe de?**

Forálacha dlíthiúla agus dlí-eolaíocht ábhartha na Cúirte Breithiúnais:

Airteagail 4(1) agus 4(7) den Treoir Réime maidir le hUisce.

Dlí-eolaíocht ábhartha na Cúirte Breithiúnais: Breithiúnais an 1 Iúil 2015, *Weser*, C-461/13 agus an 28 Bealtaine 2020, *Land Nordrhein-Westfalen*, C-535/18.

Léirmhíniú an Choimisiúin:

Léirmhínigh An Chúirt Bhreithiúnais Airteagal 4(1)(a)(i) go (iii) den Treoir Réime maidir le hUisce mar airteagal a chiallaíonn go gceanglaítear ar na Ballstáit — mura ndeonaítear maolú — údarú a dhiúltú do thionscadal aonair i gcás ina bhféadfadh sé a bheith ina chúis le meathlú ar stádas dobharlaigh uisce dromchla nó i gcás ina gcuireann sé baint amach dea-stádais uisce/acmhainneachta uisce i mbaol faoin dáta a leagtar síos leis an treoir. Ní leagtar amach sa Treoir Réime maidir le hUisce ceanglais mhionsonraithe nós imeachta maidir le tionscadail nua a údarú (amhail nósanna imeachta maidir le ceadú, údarú, etc.), ná ní sholáthraítear mionsonraí maidir leis an measúnú, amhail ceanglais faisnéise. Ar mhaithe le simpliú, d'fhéadfaí measúnuithe atá ábhartha don Treoir Réime maidir le hUisce a chomhcheangal agus a dhéanamh mar chuid de mheasúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol i gcás ina bhfuil tionscadail faoi réir measúnú comhshaoil faoi roinnt píosaí de dhlí an Aontais, lena n-áirítear faoin Treoir MTT ([29]) agus faoin Treoir maidir le Gnáthóga ([30]) ([31]).

Bunaítear leis an gcásdlí ([32]) go bhféadfadh scagadh nó 'tástáil infheidhmeachta' Airteagal 4(7) den Treoir Réime maidir le hUisce a bheith leordhóthanach le haghaidh go leor tionscadal, ar féidir meathlú a chur as an áireamh ina leith. Áirithítear leis an 'scagadh' go gcinntear le cinnteacht leordhóthanach an éifeacht a mheastar a bheidh ag an tionscadal atá beartaithe (lena n-áirítear a bhearta maolaithe) ar na dobharlaigh a bhféadfaí difear a dhéanamh dóibh (agus prionsabal an réamhchúraim á chur san áireamh).

Dá bhrí sin, sula ndeonófar údarú, ní mór d'údarás inniúil an Bhallstáit cinnteacht leordhóthanach a shuí nach mbeidh tionscadal ina chúis le meathlú nó nach gcuirfidh sé baint amach dea-stádais/acmhainneachta i mbaol. Ba cheart an cinneadh sin a dhéanamh bunaithe ar fhianaise atá doiciméadaithe go fónta sula gcuirfear tús leis an tionscadal. In go leor cásanna, d'fhéadfadh an chéad scagadh scagadh leathan a dhéanamh ar thionscadail agus iad a 'idirdhealú', tionscadail ar léir nach ndéanfaidh siad difear do stádas/acmhainneacht na ndobharlach.

Ós rud é nach ndéanfaí scagadh ar an tionscadal ach ag céim na pleanála, is dócha go ndéanfaí scagadh trí bhreithiúnas saineolaíoch bunaithe ar thionchair tionscadal comhchosúil san am a chuaigh thart, agus/nó trí shamhaltú na dtionchar féideartha. Ní chaithfí measúnú domhain a dhéanamh ach amháin ar thionscadail a bhfuil coinne le meathlú stádais ina leith chun comhlíontacht na gcritéar a leagtar amach in Airteagal 4(7) den Treoir Réime maidir le hUisce a fhíorú sula gcinnfear cé acu is féidir an tionscadal a údarú, nó nach féidir.

Sampla:

— Más féidir leis an údarás inniúil teacht ar an gconclúid, lena n-áirítear ar bhonn faisnéise a bhailítear ón oibreoir, go bhfuil coinne leis nach mbeidh tionscadal atá beartaithe (e.g. mar gheall ar chur i bhfeidhm beart maolaithe, ar cheart dóibh a bheith ar cheann dá ghnéithe bunúsacha) ina chúis le meathlú, ná nach gcuirfidh sé baint amach dea-stádais/acmhainneachta i mbaol, ní gá don údarás inniúil Airteagal 4(7) den Treoir Réime maidir le hUisce a agairt agus a léiriú go gcomhlíontar na coinníollacha dá bhforáiltear in Airteagal 4(7) den Treoir Réime maidir le hUisce agus gur féidir an tionscadal a údarú.

6. **Conas a fhreastalaíonn an Treoir ar ghníomhaíochtaí nua forbartha eacnamaíche inbhuanaithe?**

Forálacha dlíthiúla agus dlí-eolaíocht ábhartha na Cúirte Breithiúnais:

Airteagal 4(7) den Treoir Réime maidir le hUisce; Iarscríbhinn V, roinn 1.4.3 den Treoir Réime maidir le hUisce.

Dlí-eolaíocht ábhartha na Cúirte Breithiúnais: Breithiúnais an 1 Iúil 2015, *Weser*, C-461/13 agus an 28 Bealtaine 2020, *Land Nordrhein-Westfalen*, C-535/18.

([29]) Treoir 2011/92/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 maidir le measúnú a dhéanamh ar éifeachtaí tionscadal poiblí agus príobháideach áirithe ar an gcomhshaol, IO L 26, 28.1.2012, lgh. 1–21.

([30]) Treoir 92/43/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1992 maidir le caomhnú gnáthóg nádúrtha agus fána agus flóra fiáine, IO L 206, 22.7.1992, lch. 7–50.

([31]) Chun tacú leis an gcur chun feidhme trí shamplaí agus dea-chleachtais, is féidir teacht ar threoirdhoiciméad teicniúil neamhcheangailteach maidir le cur chun feidhme Airteagal 4(7) den Treoir Réime maidir le hUisce anseo.

([32]) Tagraíonn an Chúirt don (réamh-) mheasúnú mar réamhchéim (C-535/18) 62018CJ0535.

Léirmhíniú an Choimisiúin:

Leis an Treoir Réime maidir le hUisce, ceadaítear maolú ar phrionsabal an neamh-mheathlaithe le haghaidh tionscadal, ar choinníoll a) go bhfuil leas poiblí sáraitheach ag baint leis an tionscadal, b) go ndéanfar gach beart indéanta chun an drochthionchar a mhaolú; c) nach bhfuil aon rogha mhalartach chomhshaoil níos fearr ann atá indéanta agus nach mbaineann costais dhíréireacha léi agus d) go leagtar amach agus go mínítear na cúiseanna go sonrach sa phlean bainistithe abhantraí.

Cuirtear in iúl go soiléir i dtéacs Airteagal 4(7) den Treoir Réime maidir le hUisce gur féidir leis na Ballstáit an díolúine sin a agairt agus nach mbeidh siad ag sárú an dlí má tá nasc idir dhá chineál tionscadal a údarú agus mainneachtain dea-stádas screamhuisce nó dea-stádas éiceolaíoch/acmhainneacht mhaith éiceolaíoch a bhaint amach nó mainneachtain meathlú ar stádas *dobharlach screamhuisce nó uisce dromchla* a chosc:

a) ‘modhnuithe nua ar shaintréithe fisiceacha uisce dromchla nó athruithe nua ar leibhéil screamhuisce’ nó

(b) ‘gníomhaíochtaí nua forbartha daonna inbhuanaithe’.

Leis an gcoincheap ‘*modhnuithe nua ar shaintréithe fisiceacha dobharlaigh uisce dromchla*’, eisiatar modhnuithe ar a stádas ceimiceach mar thoradh ar phoncfhoinsí truaillithe nó foinsí idirleata, lena n-áirítear sceitheadh díreach truailleán. Mar sin féin, dá n-athródh na modhnuithe fisiceacha nua sin go hindíreach tiúchaintí na dtruailleán atá sa dobharlach modhnaithe cheana féin (mar shampla dríodair éillithe a chorraí a scaoilfeadh truailleáin imchochlaithe isteach san uisce), is meathlú indíreach a bheadh ann ar stádas ceimiceach agus d’fhéadfadh feidhm a bheith ag an díolúine ina leith. A mhéid a bhaineann leis an gcoincheap ‘*athruithe nua ar leibhéil screamhuisce*’, bheadh sé sin amhlaidh, mar shampla, dá mbeadh scaoileadh ceimiceán ó shraitheanna carraige i gceist go hindíreach le hathrú den sórt sin, rud a bheadh ina chúis le meathlú ar thiúchan truaillithe atá ann cheana nó a chuirfeadh leis an tiúchan sin.

Maidir le ‘*gníomhaíochtaí nua forbartha daonna inbhuanaithe*’, ní cheadaítear leis an Treoir ach meathlú ar *uiscí dromchla* ó stádas ard go dea-stádas. Ciallaíonn sé sin nach bhfuil feidhm ag an díolúine maidir le tionscadail a chuirfeadh meathlú ar stádas éiceolaíoch dobharlaigh uisce dromchla faoi bhun dea-stádais. Ciallaíonn sé freisin nach bhfuil feidhm ag an díolúine maidir le tionscadail a chuirfeadh meathlú ar an stádas ceimiceach ([33]). Tugtar an méid sin le tuiscint ós rud é nach n-aicmítear stádas ceimiceach ach mar ‘dea-stádas’ nó ‘drochstádas’, agus nach bhfuil a leithéid de rud ann agus stádas ceimiceach ‘ard’.

Samplaí:

— I gcás gníomhaíochtaí dreidireachta nua laistigh den dobharlach céanna ina suaitear ceimiceáin, agus nár braitheadh roimhe sin iad le linn sampláil uisce toisc iad a bheith curtha i ndríodar, d’fhéadfadh údar a bheith le meathlú den sórt sin ar stádas ceimiceach in uisce dromchla ar leith i bhfianaise na n-oibreacha fisiceacha is gá chun an phríomhghníomhaíocht a chur ar bun.

— Má bhíonn athruithe ar leibhéil an screamhuisce a ghluaiseann truailleáin go hindíreach mar thoradh ar astarraingtí uisce, d’fhéadfadh údar cuí a bheith leis an meathlú ar stádas ceimiceach mar thoradh air sin.

7. **Cad iad na díolúintí nua a tugadh isteach le déanaí agus conas is féidir iad a úsáid i gcás tionscadail sna hearnálacha mianadóireachta agus próiseála miotail nó i gcás tionscadail eile a bhfuil a stádas ceimiceach ag meathlú?**

Forálacha dlíthiúla agus dlí-eolaíocht ábhartha na Cúirte Breithiúnais:

Airteagail 4 (7a) agus 4 (7b) den Treoir Réime maidir le hUisce a leasaíodh le déanaí.

Léirmhíniú an Choimisiúin:

Le Treoir (AE)2026/805, tugadh isteach dhá dhíolúine nua a chumhdaíonn tionchair ghearrthéarmacha a dhéanann difear do dhobharlaigh agus an meath ar stádas ceimiceach mar thoradh ar athlonnú truailleán gan méadú foriomlán ar thruailliú. Tugadh isteach na díolúintí sin bunaithe ar thaithí phraiticiúil na mBallstát maidir le cur chun feidhme agus é mar aidhm acu an t-ualach riaracháin a laghdú agus údarú tionscadal a éascú fiú má tá siad ina gcúis le meathlú éigin ar stádas ceimiceach. Leis na díolúintí nua sin, éascófar go háirithe údarú tionscadal nua mianadóireachta nó próiseála miotail.

([33]) Forbraíodh treoraíocht neamhcheangailteach i gcomhthéacs na Comhstraitéise Cur Chun Feidhme faoin Treoir Réime maidir le hUisce ‘Doiciméad Treorach Uimh. 36 Díolúintí ar Chuspóirí Comhshaoil de réir Airteagal 4(7)’.

Ní cheanglaítear leis an ***nós imeachta simplithe do thionscadail nach bhfuil ach tionchair ghearrthéarmacha acu ar dhobharlaigh*** go mbeidh '*leas poiblí sáraitheach*' ag baint leis an tionscadal nó leis an ngníomhaíocht agus nach féidir a gcuspóirí a bhaint amach trí '*mhodhanna eile, ar rogha chomhshaoil i bhfad níos fearr iad*'. Faoi réir réamh-mheasúnú iontaofa ('scagadh'), is féidir cinneadh a dhéanamh dul ar aghaidh le tionscadal nua má chinntear nach mairfidh a thionchair dhiúltacha ar dhobharlach níos faide ná 1 bhliain amháin (i.e. i gcás ina ndéantar difear d'eilimintí ceimiceacha nó fisiciceimiceacha) nó nach mairfidh siad níos faide ná 3 bliana (i.e. i gcás ina ndéantar difear d'eilimintí cáilíochta bitheolaíocha). Ba cheart glacadh leis an tús a chuirtear leis an tionscadail mar thús fisiciúil na n-oibreacha. Tá gá le fíorú ex post chun cineál gearrthéarmach na dtionchar a dheimhniú. Féadfar socruithe faireacháin atá ann cheana arna mbunú de bhun Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Treoir Réime maidir le hUisce a úsáid. I gcás ina bhféadfadh sé nach leor na socruithe faireacháin atá ann cheana, agus sa chás sin amháin, ba cheart iad sin a fhorlíonadh le faireachán *ad hoc* breise.

Leis ***an nós imeachta simplithe eile***, nach gceanglaítear leis arís go bhfuil '*leas poiblí sáraitheach*' ag baint leis an tionscadal nó leis an ngníomhaíocht, ***tugtar aghaidh ar*** thionscadail shonracha nó ar ghníomhaíochtaí sonracha a bhféadfadh ***meathlú ar stádas ceimiceach*** i ndobharlach a bheith mar thoradh orthu ***mar thoradh ar uisce truaillithe nó dríodair thruaillithe atá ann cheana*** (i.e. nach ó sceitheadh nua iad) ***a athlonnú*** ó dhobharlach uisce dromchla go dtí an ceann céanna nó ceann eile, nó ó dhobharlach screamhuisce go dobharlach uisce dromchla, gan glanmhéadú ar an ualach truailleán a bheith mar thoradh air agus ar choinníoll go gcomhlíontar coinníollacha áirithe. Ba cheart an t-athlonnú a bheith faoi réir réamhrialála nó réamhúdaraithe agus níor cheart roghanna comhshaoil i bhfad níos fearr a bheith ann ar chúiseanna indéantachta teicniúla nó costais dhíréirigh. Ba cheart gach beart indéanta a dhéanamh, go háirithe i gcás inarb indéanta cóireáil uisce agus dríodar, chun an tionchar ar an dobharlach glactha a íoslaghdú agus chun méadú ar an riosca foriomlán do shláinte an duine agus don chomhshaol a sheachaint. Ní féidir le hathlonnú difear a dhéanamh ach do dhobharlaigh ghlactha nach bhfuil dea-stádas acu cheana féin i ndáil le formhór na dtruailleán a athlonnaíodh, go háirithe maidir leis na truailleáin is seasmhaí agus is bithcharnaí a athlonnaíodh, agus ní mheastar go dtiocfaidh stádas éiceolaíoch ná acmhainneacht an dobharlaigh ghlactha faoi aicme níos ísle mar thoradh ar athlonnú na dtruailleán sin. Ar deireadh, ba cheart toirmeasc a chur ar athlonnú timpeall ar aon phointe astarraingthe uisce óil agus níor cheart méadú ar an gcóireáil ionaithe is gá chun uisce óil a tháirgeadh a bheith mar thoradh air.

Tá coinne leis go n-éascófar leis an díolúine sin tionscadail a éilíonn dríodair thruaillithe nó uisce a bhogadh laistigh de dhobharlaigh nó eatarthu. Dá bhrí sin, cuireann an díolúine sin ar a gcumas do na Ballstáit tionscadail a údarú nár cumhdaíodh roimhe seo faoi raon feidhme Airteagal 4(7).

Samplaí:

— D'fhéadfaí an fhoráil nua maidir le tionchair ghearrthéarmacha a úsáid chun oibreacha tógála agus/nó cothabhála a éascú, lena n-áirítear i gcomhthéacs tionscadal mianadóireachta (e.g. droichead thar uiscebhealach, bonneagar cosanta ar thuilte, tionscadail tithíochta inbhuanaithe, etc.) nach bhfuil tionchar acu ach ar na heilimintí cáilíochta ceimiceacha agus fisiciceimiceacha agus ar na heilimintí cáilíochta éiceolaíocha de dhobharlach uisce dromchla ar feadh tréimhse ghearr, ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha dlíthiúla a dtugtar tuairisc orthu thuas. D'fhéadfadh sé sin a bheith ábhartha freisin maidir le measúnú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí taiscéalaíochta nó maidir le teicneolaíochtaí nua a bhfuil tionchair ghearrthéarmacha acu a thástáil. Féadfaidh an t-údarás inniúil an díolúine sin a chur i bhfeidhm má chinneann sé, bunaithe ar mheasúnú *ex ante* iontaofa (bunaithe, mar shampla, ar thaithí roimhe sin ar thionscadail chomhchosúla, measúnú saineolach nó samhaltú), nach mbeidh aon tionchar diúltach gearrthéarmach inbhraite a thuilleadh tar éis 1 bhliain amháin nó, i gcás eilimintí cáilíochta bitheolaíocha, tar éis 3 bliana ar a mhéad tar éis tús a chur leis an tionscadal.

— Leis an bhforáil nua maidir le hathlonnú truaillithe, d'fhéadfaí tithíocht nua, tionscadail mhianadóireachta nua nó saoráidí tionsclaíocha nua a thógáil i limistéir atá truaillithe go mór, áit, mar shampla, nach mór screamhuisce atá truaillithe cheana féin a astarraingt agus a sceitheadh i ndobharlach uisce dromchla in aice láimhe, ar choinníoll – i measc nithe eile – nach mbeidh aon ghlanmhéadú ar an ualach truailleán sa dobharlach glactha. Mar a luadh thuas, ní cheanglaítear leis an nós imeachta simplithe dá bhforáiltear faoin díolúine sin go n-aithneofar go bhfuil leas sáraitheach poiblí ag baint leis an tionscadal nó leis an ngníomhaíocht. Mar sin féin, beidh ar an údarás inniúil a áirithiú gurb eol comhdhéanamh an uisce nó na ndríodar atá le hathlonnú agus a áirithiú go bhfuil drochstádas ceimiceach ag an dobharlach glactha cheana féin i ndáil leis an gcuid is mó de na truailleáin a athlonnaíodh, go háirithe maidir leis na cinn is seasmhaí agus is bithcharnaí.

— I gcás dríodair dhreideáilte a bheith á sceitheadh ó aon dobharlach amháin isteach i ndobharlach eile, d'fhéadfadh gluaiseacht dríodair thruaillithe ó dhobharlach uisce dromchla amháin (nó ó chuid de) go dobharlach uisce dromchla eile dul ar aghaidh freisin d'ainneoin ionchur na dtruailleán. Tá sé sin tábhachtach, mar shampla, i limistéir chalafoirt ina ndéantar gníomhaíochtaí den sórt sin ar bhonn athfhillteach. Is féidir é sin a dhéanamh ar choinníoll go bhfuil drochstádas ceimiceach ag an dobharlach glactha cheana féin i ndáil leis an gcuid is mó de na truailleáin a athlonnaíodh.

— Sampla eile de thionscadail/ghníomhaíochtaí a d'fhéadfadh tairbhe a bhaint as cur i bhfeidhm na díolúine sin is ea dobharlach screamhuisce a ghlanadh tar éis mianach a dhúnadh, i gcás ina ndéantar uisce truaillithe a eastóscadh, a chóireáil i gcás inarb indéanta agus ansin a sceitheadh isteach i ndobharlach uisce dromchla in aice láimhe. Is féidir é sin a dhéanamh ar choinníoll go bhfuil drochstádas ceimiceach ag an dobharlach glactha cheana féin i ndáil leis an gcuid is mó de na truailleáin a athlonnaíodh.

8. **Cad iad na féidearthachtaí eile atá sa Treoir Réime maidir le hUisce chun ceadanna a athnuachan nó síneadh a chur leo le haghaidh gníomhaíochtaí agus suiteálacha atá ann cheana?**

Forálacha dlí:

Airteagal 4, míreanna (4) agus (5), Airteagal 10 agus Airteagal 11, míreanna (3) agus (5) den Treoir Réime maidir le hUisce.

Léirmhíniú an Choimisiúin:

Faoi Airteagal 11 den Treoir Réime maidir le hUisce, ceanglaítear ar na Ballstáit liosta de rialuithe sainordaitheacha a chur i bhfeidhm maidir le gníomhaíochtaí a dhéanann difear do dhobharlaigh, chun comhlíonadh chuspóirí na Treorach a bhaint amach.

Áirítear leis sin, mar shampla, go gceanglaítear ar na Ballstáit córas réamhrialála, réamhúdaraithe nó clárúcháin a bheith i bhfeidhm acu bunaithe ar rialacha ceangailteacha ginearálta maidir le sceitheadh poncfhoinse a rialú (e.g. suiteálacha tionsclaíocha aonair) a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le truailliú uisce dromchla.

Ceanglaítear le hAirteagal 11 den Treoir Réime maidir le hUisce freisin go ndéanfar na rialuithe sin a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta go tráthrialta. Thairis sin, is minic a bhíonn teorainn ama le ceadanna agus ní mór athbhreithniú a dhéanamh orthu nuair a chuirtear síneadh leo.

I bprionsabal, agus athbhreithniú nó nuashonrú den sórt sin á dhéanamh ar chead atá ann cheana, ní gá dul ar iontaoibh réamhúdaraithe nua i gcomhréir le hAirteagal 4(7) den Treoir Réime maidir le hUisce ós rud é go bhfuil an ghníomhaíocht ann cheana agus go raibh údar cuí léi agus gur ceadaíodh í nuair a bunaíodh den chéad uair í.

I gcás ina n-athraítear an ghníomhaíocht nó ina gcuirtear síneadh léi ar chaoi go bhféadfadh meathlú teacht ar stádas an dobharlaigh, agus sa chás sin amháin, d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le réamhúdarú den sórt sin i gcomhréir le hAirteagal 4(7) den Treoir Réime maidir le hUisce. D'fhéadfadh athruithe ar ghníomhaíochtaí atá ann cheana nó síntí a chuirtear leo, díreach cosúil le tionscadail nó gníomhaíochtaí nua, difear a dhéanamh do stádas dobharlach uisce dromchla (e.g. trí sceitheadh) nó do stádas dobharlach screamhuisce (e.g. trí athruithe leibhéil a mheathlaíonn stádas cainníochtúil agus/nó ceimiceach screamhuisce). Dála na ngníomhaíochtaí uile atá faoi réir Airteagal 4(7) den Treoir Réime maidir le hUisce, ní mór don údarás inniúil a chinneadh cé acu atá nó nach bhfuil na hathruithe de chineál a d'fhéadfadh stádas a mheathlú agus, dá bhrí sin, a bhfuil údar ag teastáil ina leith i gcomhréir le hAirteagal 4(7) den Treoir Réime maidir le hUisce. Féadfar measúnú a dhéanamh air sin trí réamh-mheasúnú nó scagadh.

Tá sé sin i gcomhréir leis an togra ón gCoimisiún le déanaí maidir le ceadú ([34]) lena soiléirítear an nós imeachta atá le leanúint i gcás athruithe nó síntí ar ghníomhaíocht atá ann cheana.

Mar fhocal scoir, gníomhaíochtaí atá ann cheana nach mbaineann móroibreacha nua leo, tá siad faoi réir na rialuithe tréimhsiúla a cheanglaítear faoi Airteagal 11(3) den Treoir Réime maidir le hUisce, gan aon ghá le húdarú breise faoi Airteagal 4(7) den Treoir Réime maidir le hUisce.

Ina theannta sin, i gcás ina ndéanann gníomhaíochtaí atá ann cheana difear do dhobharlach agus a chuireann bac ar dhea-stádas a bhaint amach, lena n-áirítear stádas ceimiceach, féadfaidh na húdaráis inniúla dul ar iontaoibh na ndíolúintí a bhaineann le ham faoi Airteagal 4(4)) nó na díolúine lena gceadaítear cuspóirí comhshaoil níos ísle a shocrú (Airteagal 4(5)), faoi réir chomhlíontacht na gcritéar a leagtar amach ann. I gcás ina bhfuil ceadanna le hathbhreithniú, agus ina bhféadfaí iad a thabhairt cothrom le dáta, ní mór a chur san áireamh cé acu atá na critéir chun díolúintí den sórt sin a cheadú fós á gcomhlíonadh nó nach bhfuil.

Go sonrach, faoi Airteagal 4(4), féadfaidh an t-údarás inniúil cur chun feidhme na mbeart is gá a scaipeadh amach chun na cuspóirí comhshaoil a bhaint amach thar roinnt timthriallta den Phlean Bainistithe Abhantraí, go dtí deireadh 2027 ([35]). Mar sin féin, i gcás síneadh ama bunaithe ar 'choinníollacha nádúrtha', ([36]) i.e. i gcás inar féidir a léiriú gur cuireadh i bhfeidhm gach beart chun dea-stádas a bhaint amach, ach go bhfuil níos mó ama ag teastáil chun go dtiocfaidh an 'dúlra' ar ais chuige féin, is féidir feidhm a bheith ag an síneadh ama fiú tar éis 2027. Ar deireadh, i gcás caighdeáin cháilíochta nár tugadh isteach ach in 2013 nó 2026, is féidir feidhm a bheith ag síntí ama suas le dhá thimthriall breise den Phlean Bainistithe Abhantraí (i gcás na gcaighdeán cáilíochta a tugadh isteach in 2013) nó suas le timthriall amháin eile den Phlean Bainistithe Abhantraí (i gcás na gcaighdeán cáilíochta a tugadh isteach in 2026), dá bhrí sin, deireadh 2039 nó deireadh 2045 faoi seach.

([34]) Togra le haghaidh Rialachán maidir le dlús a chur le measúnuithe comhshaoil – (COM(2025)984 final).

([35]) I gcomhréir le hAirteagal 11(8) den Treoir Réime maidir le hUisce, ní mór aon bheart nua nó athbhreithnithe arna bhunú faoi chlár nuashonraithe a chur i bhfeidhm laistigh de 3 bliana óna mbunú (e.g. faoi lár gach timthrialla), ach d'fhéadfadh sé nach mbeadh na héifeachtaí le sonrú go dtí níos déanaí (mar shampla má tá síneadh ama bunaithe ar indéantacht theicniúil agus más gá staidéar a dhéanamh, ba cheart an staidéar a sheoladh leath bealaigh tríd an timthriall ach d'fhéadfadh sé nach mbeadh na torthaí ar fáil go dtí níos déanaí sa timthriall).

([36]) Le hAirteagal 4(4) den Treoir Réime maidir le hUisce, ceadaítear do na Ballstáit comhlíontacht a chur siar go dtí deireadh 2027 ar chúiseanna indéantachta teicniúla, costais dhíréirigh nó dálaí nádúrtha; i gcás dálaí nádúrtha, is féidir comhlíontacht a chur siar a thuilleadh fiú, i.e. i gcás ina bhfuil na bearta uile is gá i bhfeidhm, ach go dtógann an dúlra níos mó ama chun téarnamh.

Thairis sin, faoi Airteagal 4(5) den Treoir Réime maidir le hUisce, féadfaidh sé a bheith d'aidhm ag na Ballstáit cuspóirí comhshaoil nach bhfuil chomh dian céanna leis na cuspóirí a leagtar síos faoi Airteagal 4(1) den Treoir Réime maidir le hUisce a bhaint amach le haghaidh dobharlaigh shonracha, i gcás ina ndéanann gníomhaíocht an duine difear dóibh amhlaidh, nó i gcás ina bhfágann a ndálaí nádúrtha go mbeadh sé dodhéanta na cuspóirí sin a bhaint amach nó go mbeadh costas díréireach ag baint leo, ar choinníoll, áfach, go bhfuil gach beart indéanta agus nach bhfuil costas díréireach ag baint leo curtha i bhfeidhm acu chun an meathlú breise a íoslaghdú. Tugann sé sin le tuiscint, maidir leis na gníomhaíochtaí uile a dhéanann difear don dobharlach sin, gur áirithigh an t-údarás inniúil go ndéanfar athbhreithniú tréimhsiúil ar na ceadanna agus, i gcás inar gá, go dtabharfar cothrom le dáta iad i gcomhréir leis na teicnící is fearr atá ar fáil agus go gcuirfear chun feidhme gach beart maolaithe nach bhfuil costas díréireach ag baint leo. Ní mór aird a thabhairt freisin ar an gceanglas maidir le 'cur chuige comhcheangailte' le haghaidh sceitheadh isteach in uisce dromchla faoi Airteagal 10 den Treoir Réime maidir le hUisce, lena gcuirtear d'oibleagáid ar údaráis inniúla a áirithiú go gcuirfear na teicnící is fearr atá ar fáil i bhfeidhm, agus go n-áiritheofar comhlíontacht na gcuspóirí agus na gcaighdeán cáilíochta uile a bhunaítear faoi aon reachtaíocht ábhartha eile de chuid an Aontais agus lena bhforchuirtear rialuithe astaíochtaí níos déine nuair is gá.

Ba cheart a thabhairt faoi deara sa chomhthéacs sin go bhféadfadh roinnt substaintí Marthanacha, Bithcharnacha agus Tocsaineacha atá uileláithreach, amhail mearcair, a bheith i ndobharlaigh mar thoradh ar ghníomhaíochtaí stairiúla (truailliú ó oidhreacht). I gcás nach féidir aghaidh a thabhairt ar an truailliú ó oidhreacht nó ina bhfuil costas díréireach ag baint leis, féadfar Airteagal 4(5) den Treoir Réime maidir le hUisce a chur i bhfeidhm.

Go hachomair, i gcás gníomhaíochtaí atá ann cheana, lena n-áirítear gníomhaíochtaí mianadóireachta, d'fhéadfadh díolúintí eile a bheith infheidhme agus athbhreithniú á dhéanamh ar na ceadanna nó ar na húdaruithe. Ciallaíonn sé sin gur féidir síntí ama tar éis 2027 (má tá údar cuí leo de bharr dálaí nádúrtha) agus cuspóirí comhshaoil níos ísle a leagan síos faoi choinníollacha áirithe tar éis 2027. Tá treoraíocht bhreise ar fáil. ([37]).

Samplaí:

— Tá bearta curtha i bhfeidhm ag Ballstát chun sceitheadh nó caillteanas cothaitheach atá nasctha le hoibríocht mhianadóireachta a stopadh nó a laghdú go mór (e.g. trína áirithiú go n-áirítear ceanglais ina leith sin sa chead ábhartha). Mar sin féin, i bhfianaise an ama a theastaíonn ó phróisis nádúrtha, d'fhéadfadh sé nach mbeadh na bearta leordhóthanach chun go mbeidh na dobharlaigh a ndéantar difear dóibh tar éis téarnamh faoi 2027. Déanfaidh na Ballstáit síneadh ama a agairt sa Phlean Bainistithe Abhantraí ábhartha i gcomhréir le hAirteagal 4(4) agus soláthróidh siad achoimre ar na bearta a rinneadh agus an tráthchlár chun iad a chur chun feidhme. Coinnítear bearta faoi athbhreithniú chun a n-éifeachtacht a áirithiú agus déantar measúnú ar an ngá atá le síneadh breise sna pleananna bainistithe abhantraí ina dhiaidh sin.

— Sceitheann gníomhaíocht mhianadóireachta atá ann cheana airgead ar socraíodh caighdeán cáilíochta ina leith san athbhreithniú in 2026 le spriocdháta comhlíontachta le haghaidh 2039. Má shuíonn an t-údarás inniúil nach féidir an caighdeán cáilíochta a bhaint amach faoin spriocdháta sin ar chúiseanna indéantachta teicniúla nó costas díréireach, féadfaidh an t-údarás inniúil an spriocdháta maidir le comhlíontacht a chur siar go dtí 2045 i gcomhréir le hAirteagal 4(4).

— Bíonn tionchar ag truailliú mearcair oidhreachta ar dhobharlach uisce dromchla agus níl aon bheart indéanta go teicniúil chun caighdeáin cáilíochta comhshaoil a chomhlíonadh faoi 2027. Ní laghdóidh tiúchaintí ach go mall, chun leibhéil níos ísle a bhaint amach (i bhfad tar éis 2027) mar thoradh ar scaipeadh agus caolú le huisce báistí a mheastar nach mbeidh sé chomh truaillithe céanna, *inter alia* a bhuí le hiarrachtaí dícharbónaithe domhanda agus an Aontais, leis an obair faoi Choinbhinsiún Minamata agus faoi reachtaíocht an Aontais maidir le mearcair. Ní fhéadfaidh aon bheart malartach a bheith ann chun an dobharlach a ghlanadh nó d'fhéadfadh na bearta sin a bheith costasach go díréireach. Sa chás sin, ba cheart do na Ballstáit breithniú a dhéanamh maidir le hAirteagal 4(5) a agairt agus cuspóir comhshaoil níos ísle a leagan síos maidir le mearcair arb é is aidhm dó an stádas is airde is féidir a bhaint amach.

— Tá láithreán mianadóireachta nó gníomhaíocht thionsclaíoch amhábhar criticiúil i bhfeidhm le blianta fada agus tá tionchair áirithe acu sin ar dhea-stádas ceimiceach dobharlaigh uisce dromchla. Leis an gcead lena rialaítear an ghníomhaíocht, ráthaítear cheana féin go gcuireann an t-oibreoir na bearta is fearr is féidir i bhfeidhm chun sceitheadh isteach sa dobharlach lena mbaineann a laghdú (nó, i gcás inarb infheidhme, go bhfuil aon oibleagáid feabhsúcháin déanta ag an oibreoir ar an limistéar lena mbaineann mar gheall ar ghníomhaíochtaí roimhe seo) agus go gcinneann an t-údarás inniúil nach féidir bearta breise a chur i bhfeidhm a bheadh indéanta agus nach mbeadh costas díréireach ag baint leo chun na hastaíochtaí a laghdú a thuilleadh go leibhéal lenar féidir comhlíontacht na gcaighdeán cáilíochta comhshaoil atá ann cheana a áirithiú. Ba cheart do na Ballstáit breithniú a dhéanamh maidir le hAirteagal 4(5) a agairt agus cuspóir comhshaoil níos ísle a leagan síos i ndáil leis na truailleáin atá i gceist arb é is aidhm dóibh an stádas is airde is féidir a bhaint amach. Coinnítear bearta faoi athbhreithniú chun a n-éifeachtacht a áirithiú agus déantar measúnú ar an ngá atá le síneadh breise sna pleananna bainistithe abhantraí ina dhiaidh sin.

([37]) Forbraíodh treoraíocht neamhcheangailteach i gcomhthéacs na Comhstraitéise Cur Chun Feidhme faoin Treoir Réime maidir le hUisce (Treoirdhoiciméad maidir le díolúintí ó na cuspóirí comhshaoil. Treoirdhoiciméad Uimh. 20 - Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh)).

— Déanann mianach atá ann cheana difear do dhobharlach uisce dromchla in aice láimhe trína fhuíolluisce a sceitheadh. Tá an dobharlach faoi réir díolúine faoi Airteagal 4(5) den Treoir Réime maidir le hUisce. Tá athbhreithniú á dhéanamh ar an gcead chun síneadh a chur leis an ngníomhaíocht mhianadóireachta. Ó deonaíodh an cead bunaidh, bunaíodh teicneolaíochtaí nua cóireála fuíolluisce. Ionas nach dtiocfaidh meathlú ar dhobharlaigh a ndéantar difear dóibh, ní mór an cead a thabhairt cothrom le dáta chun bearta maolaithe breise bunaithe ar theicneolaíochtaí nua a chur san áireamh. Más rud é, mar thoradh air sin, nach mbeidh aon mheathlú ann, ní gá Airteagal 4(7) a chur i bhfeidhm maidir le síneadh a chur leis an láithreán mianadóireachta. Ina theannta sin, trí theicneolaíochtaí nua a chuimsiú, comhlíonfar an ceanglas faoi Airteagal 4(5) chun a áirithiú go mbainfear amach an stádas is fearr is féidir.

Iarscríbhinn, Cuid A – Truailleáin screamhuisce is ábhar imní don Aontas

Spriocdháta maidir le comhlíontacht – díolúine fhéideartha a bhaineann le ham faoi Airteagal 4(4) den Treoir Réime maidir le hUisce

Uimhir iontrála in Iarscríbhinn I den Treoir maidir le Screamhuisce	Ainm na substainte	Dáta comhlíontachta	Síneadh ama féideartha
1	Níotráití	2015	2027
2	Substaintí gníomhacha i lotnaidicídí, lena n-áirítear a meitibilití, táirgí díghrádúcháin agus imoibriúcháin ábhartha	2015	2027
3	PFASanna	2039	2045
4	Carbamasaipín	2039	2045
5	Sulfaimeatocsasól	2039	2045
6	Primeadón	2039	2045
7	Meitibilítí neamhábhartha na lotnaidicídí	2039	2045
8	Tríchlóireitiléin agus Teitreaclóireitéin (suim an dá cheann)	2039	2045

Iarscríbhinn, Cuid B - Substaintí Tosaíochta in Uiscí Dromchla

Spriocdháta maidir le comhlíontacht – díolúine fhéideartha a bhaineann le ham faoi Airteagal 4(4) den Treoir Réime maidir le hUisce

Uimhir iontrála in Iarscríbhinn I den Treoir maidir le Caighdeáin Cáilíochta Comhshaoil	Ainm na substainte	Dáta comhlíontachta	Síneadh ama féideartha
(1)	Alaclór	Athraithe chuig an liosta de thruailleáin a bhaineann go sonrach le habhantracha 2015 (más ann dó sna Ballstáit)	2027
(2)	Antraicéin	Caighdeáin Cáilíochta Comhshaoil Bhunaidh = 2015 Caighdeán Cáilíochta Comhshaoil Athbhreithnithe = 2021	Caighdeáin Cáilíochta Comhshaoil Bhunaidh = 2027 Caighdeán Cáilíochta Comhshaoil Athbhreithnithe = 2033
(3)	Atraisín	Athraithe chuig an liosta de thruailleáin a bhaineann go sonrach le habhantracha 2015 (más ann dó sna Ballstáit)	2027
(4)	Beinséin	2015	2027
(5)	Éitir dhéfheinile bhróimínithe	Caighdeáin Cáilíochta Comhshaoil Bhunaidh = 2015 Caighdeáin Cáilíochta Comhshaoil Athbhreithnithe (2013) = 2021 Caighdeáin Cáilíochta Comhshaoil Athbhreithnithe (2026) = 2033	Caighdeáin Cáilíochta Comhshaoil Bhunaidh = 2027 Caighdeáin Cáilíochta Comhshaoil Athbhreithnithe (2013) = 2033 Caighdeáin Cáilíochta Comhshaoil Athbhreithnithe (2026)= 2039
(6)	Caidmiam agus a chomhdhúile (ag brath ar aicmí an chruais uisce) (9)	2015	2027
(6a)	Teitreaclóiríd charbóin	Athraithe chuig an liosta de thruailleáin a bhaineann go sonrach le habhantracha 2015 (más ann dó sna Ballstáit)	2027
(7)	C_{10-13} Clóralcáin	2015	2027
(8)	Clóirfeinveanfos	Athraithe chuig an liosta de thruailleáin a bhaineann go sonrach le habhantracha 2015 (más ann dó sna Ballstáit)	2027
(9)	Clóirpireafos (Clóirpireafos-eitil)	Caighdeáin Cáilíochta Comhshaoil Bhunaidh = 2015 Caighdeáin Cáilíochta Comhshaoil Athbhreithnithe (2013) = 2021 Caighdeáin Cáilíochta Comhshaoil Athbhreithnithe (2026)= 2033	Caighdeáin Cáilíochta Comhshaoil Bhunaidh = 2027 Caighdeáin Cáilíochta Comhshaoil Athbhreithnithe (2013) = 2033 Caighdeáin Cáilíochta Comhshaoil Athbhreithnithe (2026) = 2039
(9a)	Lotnaidicídí cioglai-dhé-éine: Aildrin Díldrin Eindrin Isidrin	2015	2027
(9b)	Iomlán DDT	2015	2027
	para-para-DDT	2015	2027
(10)	1.2-Déchlóireatán	2015	2027
(11)	Déchlóraimeatán	2015	2027
(12)	Dé-(2-eitilheicsil)-taláit (DEHP)	2015	2027
(13)	Dé-úrón	Caighdeáin Cáilíochta Comhshaoil Bhunaidh = 2015 Caighdeáin Cáilíochta Comhshaoil Athbhreithnithe (2026) = 2033	Caighdeáin Cáilíochta Comhshaoil Bhunaidh = 2027 Caighdeáin Cáilíochta Comhshaoil Athbhreithnithe (2026) = 2039
(14)	Ionsulfán	2015	2027

Uimhir iontrála in Iarscríbhinn I den Treoir maidir le Caighdeáin Cáilíochta Comhshaoil	Ainm na substainte	Dáta comhlíontachta	Síneadh ama féideartha
(15)	Fluaraintéin	Caighdeáin Cáilíochta Comhshaoil Bhunaidh = 2015 Caighdeáin Cáilíochta Comhshaoil Athbhreithnithe (2013) = 2021 Caighdeáin Cáilíochta Comhshaoil Athbhreithnithe (2026) = 2033	Caighdeáin Cáilíochta Comhshaoil Bhunaidh = 2027 Caighdeáin Cáilíochta Comhshaoil Athbhreithnithe (2013) = 2033 Caighdeáin Cáilíochta Comhshaoil Athbhreithnithe (2026) = 2039
(16)	Heicseaclóraibeinséin	2015	2027
(17)	Heicseaclórabútaidéin	Caighdeáin Cáilíochta Comhshaoil Bhunaidh = 2015 Caighdeáin Cáilíochta Comhshaoil Athbhreithnithe (2026) = 2033	Caighdeáin Cáilíochta Comhshaoil Bhunaidh = 2027 Caighdeáin Cáilíochta Comhshaoil Athbhreithnithe (2026) = 2039
(18)	Heicseaclóraicioglaiheacsán	2015	2027
(19)	Iseaprótúrón	2015	2027
(20)	Luaidhe agus a comhdhúile	Caighdeáin Cáilíochta Comhshaoil Bhunaidh = 2015 Caighdeáin Cáilíochta Comhshaoil Athbhreithnithe (2013) = 2021	Caighdeáin Cáilíochta Comhshaoil Bhunaidh = 2027 Caighdeáin Cáilíochta Comhshaoil Athbhreithnithe (2013) = 2033
(21)	Mearcair agus a chomhdhúile	Caighdeáin Cáilíochta Comhshaoil Bhunaidh = 2015 Caighdeáin Cáilíochta Comhshaoil Athbhreithnithe (2026) = 2033	Caighdeáin Cáilíochta Comhshaoil Bhunaidh = 2027 Caighdeáin Cáilíochta Comhshaoil Athbhreithnithe (2026) = 2039
(22)	Naftailéin	Caighdeáin Cáilíochta Comhshaoil Bhunaidh = 2015 Caighdeáin Cáilíochta Comhshaoil Athbhreithnithe (2013) = 2021	Caighdeáin Cáilíochta Comhshaoil Bhunaidh = 2027 Caighdeáin Cáilíochta Comhshaoil Athbhreithnithe (2013) = 2033
(23)	Nicil agus a comhdhúile	Caighdeáin Cáilíochta Comhshaoil Bhunaidh = 2015 Caighdeáin Cáilíochta Comhshaoil Athbhreithnithe (2013) = 2021 Caighdeáin Cáilíochta Comhshaoil Athbhreithnithe (2026)= 2033	Caighdeáin Cáilíochta Comhshaoil Bhunaidh = 2027 Caighdeáin Cáilíochta Comhshaoil Athbhreithnithe (2013) = 2033 Caighdeáin Cáilíochta Comhshaoil Athbhreithnithe (2026) = 2039
(24)	Naoinilfeanóil (4-Naoinilfeanól)	Caighdeáin Cáilíochta Comhshaoil Bhunaidh = 2015 Caighdeáin Cáilíochta Comhshaoil Athbhreithnithe (2026) = 2033	Caighdeáin Cáilíochta Comhshaoil Bhunaidh = 2027 Caighdeáin Cáilíochta Comhshaoil Athbhreithnithe (2026) = 2039
(25)	Ochtailfeanóil ((4-(1,1‘,3,3’-teitrimeitilbúitil)-feanól))	2015	2027
(26)	Peinteaclóraibeinséin	2015	2027
(27)	Peinteaclóraifeanól	2015	2027
(28)	Hidreacarbóin pholaramatacha (HIAnna)	Caighdeáin Cáilíochta Comhshaoil Bhunaidh = 2015 Caighdeáin Cáilíochta Comhshaoil Athbhreithnithe (2013) = 2021 Caighdeáin Cáilíochta Comhshaoil Athbhreithnithe (2026)= 2033	Caighdeáin Cáilíochta Comhshaoil Bhunaidh = 2027 Caighdeáin Cáilíochta Comhshaoil Athbhreithnithe (2013) = 2033 Caighdeáin Cáilíochta Comhshaoil Athbhreithnithe (2026) = 2039
	Beinsi[a]piréin	Idem	Idem
	Beinsea[b]fluaraintéin	Idem	Idem
	Beinsea(k)fluaraintéin	Idem	Idem
	Beinsi(g,h,i)peiriléin	Idem	Idem
	Indéini(1,2,3-cd)piréin	Idem	Idem
	Criséin	2039	2045
	Beansa[a]ntraicéin	2039	2045
	Débheans(a,h)antraicéin	2039	2045
	Fluaraintéin	2039	2045

Uimhir iontrála in Iarscríbhinn I den Treoir maidir le Caighdeáin Cáilíochta Comhshaoil	Ainm na substainte	Dáta comhlíontachta	Síneadh ama féideartha
(29)	Siomaisín	Athraithe chuig an liosta de thruailleáin a bhaineann go sonrach le habhantracha 2015 (más ann dó sna Ballstáit)	2027
(29a)	Teitreaclóireitiléin	2015	2027
(29b)	Tríchlóireitiléin	2015	2027
(30)	Comhdhúile tríbhúitiltine (18) (Tríbhúitiltin-caitian)	Caighdeáin Cáilíochta Comhshaoil Bhunaidh = 2015 Caighdeáin Cáilíochta Comhshaoil Athbhreithnithe (2026) = 2033	Caighdeáin Cáilíochta Comhshaoil Bhunaidh = 2027 Caighdeáin Cáilíochta Comhshaoil Athbhreithnithe (2026) = 2039
(31)	Tríchlóraibeinséiní	Athraithe chuig an liosta de thruailleáin a bhaineann go sonrach le habhantracha 2015 má tá sé i láthair i mBallstát	2027
(32)	Tríchlóraimeatán	2015	2027
(33)	Tríthlurailin	2015	2027
(34)	Déchófól	Caighdeáin Cáilíochta Comhshaoil Bhunaidh = 2027 Caighdeáin Cáilíochta Comhshaoil Athbhreithnithe (2026) = 2033	Caighdeáin Cáilíochta Comhshaoil Bhunaidh = 2039 Caighdeáin Cáilíochta Comhshaoil Athbhreithnithe (2026) = 2039
(35)	Aigéad sulfónach sárfhluarochtáin agus a dhíorthaigh (ASSF)	2027	2039
(36)	Cuineocsaifein	2027	2039
(37)	Dé-ocsainí agus comhdhúile dé-ocsainiúla	Caighdeáin Cáilíochta Comhshaoil Bhunaidh = 2027 Caighdeáin Cáilíochta Comhshaoil Athbhreithnithe (2026) = 2033	Caighdeáin Cáilíochta Comhshaoil Bhunaidh = 2039 Caighdeáin Cáilíochta Comhshaoil Athbhreithnithe (2026) = 2039
(38)	Aclóinífein	2027	2039
(39)	Défheanocs	2027	2039
(40)	Ciobiúitrín	2027	2039
(41)	Cipirmeitrin	Caighdeáin Cáilíochta Comhshaoil Bhunaidh = 2027 Caighdeáin Cáilíochta Comhshaoil Athbhreithnithe (2026) = 2033	Caighdeáin Cáilíochta Comhshaoil Bhunaidh = 2039 Caighdeáin Cháilíochta Athbhreithnithe (2026) = 2039
(42)	Déchlórvos	2027	2027
(43)	Heicseabrómaiciogladóideacáin (HBCDD) ([24])	Caighdeáin Cáilíochta Comhshaoil Bhunaidh = 2027 Caighdeáin Cáilíochta Comhshaoil Athbhreithnithe (2026) = 2033	Caighdeáin Cáilíochta Comhshaoil Bhunaidh = 2039 Caighdeáin Cáilíochta Comhshaoil Athbhreithnithe (2026) = 2039
(44)	Heipteaclór agus eapocsaíd heipteaclóir	2027	2039
(45)	Tearbúitrin	2027	2039
(46)	17 alfa-eitiniléastraidé-ól (EE2)	2039	2045
(47)	17 béite-éastraidé-ól (E2)	2039	2045
(48)	Aicéatamíprid	2039	2045
(49)	Aisitrimícin	2039	2045
(50)	Défheintrin	2039	2045
(51)	Bisfeanól-A (BPA)	2039	2045
(52)	Carbamasaipín	2039	2045
(53)	Clairitrimícin	2039	2045

Uimhir iontrála in Iarscríbhinn I den Treoir maidir le Caighdeáin Cáilíochta Comhshaoil	Ainm na substainte	Dáta comhlíontachta	Síneadh ama féideartha
(54)	Clóitiainidín	2039	2045
(55)	Deiltemheitrin	2039	2045
(56)	Déchlóifeineac	2039	2045
(57)	Eiritrimícin	2039	2045
(58)	Eisfeanvailéaráit	2039	2045
(59)	Éastrón (E1)	2039	2045
(60)	Gliofosáit	2039	2045
(61)	Iobúpróifein	2039	2045
(62)	Imíodaclóiprid	2039	2045
(63)	Niceasulfúrón	2039	2045
(64)	Sármheitrin	2039	2045
(65)	Substaintí sárfhluarailcile agus polafluarailcile (PFAS) – suim na 25	2039	2045
(66)	Airgead	2039	2045
(67)	Tiaclóiprid	2039	2045
(68)	Tiaimeatocsam	2039	2045
(69)	Tríchlósan	2039	2045
(70)	Suim na substaintí gníomhacha sna lotnaidicídí a liostaítear sa tábla seo	2039	2045